Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13923/22**

**LIMITE**

**COMPET 825**
**IND 430**
**POLCOM 141**
**RELEX 1407**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Meabhrán Tuisceana chun comhpháirtíocht maidir le slabhraí luacha amhábhar inbhuanaithe a bhunú leis an nGraonlainn<br>Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil |

1. An 10 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Coimisiún an Mheitheal um Iomaíochas agus Fás (Tionscal) ar an eolas go bhfuil sé ar intinn aige dul i mbun Meabhrán Tuisceana thar ceann an Aontais chun comhpháirtíocht maidir le slabhraí luacha amhábhar inbhuanaithe a bhunú leis an nGraonlainn[1].

[1] WK 13545/2022.

2. Is é is aidhm don chomhpháirtíocht, mar ionstraim neamhcheangailteach, tacú le comhtháthú eacnamaíoch agus tionsclaíoch níos dlúithe idir an Ghraonlainn agus an tAontas i slabhraí luacha straitéiseacha na n-amhábhar, go háirithe trí acmhainní a mhapáil, tionscadail a shainaithint ar fud na slabhraí luacha faoi seach, deiseanna gnó a éascú agus ionstraimí laghdaithe riosca airgeadais agus infheistíochta a shainaithint agus a chur in úsáid. Tá sé d'aidhm aige freisin tacú le hailíniú maidir le hardchaighdeáin chomhshaoil, shóisialta agus rialachais ar fud shlabhraí luacha na n-amhábhar, agus le bonneagar a chur in úsáid chun tionscadail a fhorbairt. Thairis sin, tá sé d'aidhm aige tacú le fothú acmhainneachta, oiliúint agus forbairt scileanna feadh slabhraí luacha amhábhar, comhar maidir le taighde agus nuálaíocht lena n-áirítear maidir le heolas, teicneolaíochtaí agus scileanna maidir le mianraí, chomh maith le hailíniú rialála, caighdeáin agus deimhniú.

3. Ag an gcruinniú a bhí aici an 26 Deireadh Fómhair 2022, scrúdaigh an Mheitheal um Iomaíochas agus Fás (Tionscal) intinn an Choimisiúin an ionstraim neamhcheangailteach sin a chaibidil thar ceann an Aontais.

Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí i gcoitinne an cur chuige a mhol an Coimisiún agus chuir siad in iúl go dtacaíonn siad leis ar an mórgóir ar an tuiscint go dtiocfaidh an Coimisiún ar ais chuig an gComhairle ag deireadh an phróisis caibidlíochta chun údarú na Comhairle a lorg chun an Meabhrán Tuisceana a shíniú thar ceann an Aontais. Chuir roinnt toscaireachtaí i dtábhacht a thábhachtaí atá sé ardchaighdeáin chomhshaoil a áirithiú.

4. Tar éis don Mheitheal scrúdú a dhéanamh, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé go ndéanfaidh an Coimisiún Meabhrán Tuisceana a chaibidil thar ceann an Aontais chun comhpháirtíocht maidir le slabhraí luacha amhábhar inbhuanaithe a bhunú leis an nGraonlainn;
– a mholadh go n-údaróidh an Chomhairle don Choimisiún an ionstraim neamhcheangailteach sin a chaibidil thar ceann an Aontais mar mhír 'A' ar chlár oibre cruinniú a bheidh ag an gComhairle amach anseo.